

FÉILE IDIRNÁISIÚNTA PAN CHEILTEACH 2023

COMÓRTAS AMHRÁN NUA-CHUMTHA 2023

Comórtas Náisiúnta chun Amhrán na hÉireann a roghnú AG AN FHÉILE IDIRNÁISIÚNTA PAN CHEILTEACH 2023

NA RIALACHA:

1. Amhrán nua-chumtha i dteanga cheilteach atá á lorg.
 2. I nGaeilge a bheidh amhrán na hÉireann.
 3. Is gá an ceol agus na focail a bheith nua-chumtha.
 4. Measfar an t-amhrán ar fheabhas na bhfocal, an cheoil agus an chur i láthair.
1. Roghnóidh gach ceann de tíortha amhrán le dul san iomaíocht. An coiste náisiúnta i ngach aon tír a roghnóidh an t-amhrán trí chomórtas náisiúnta a reáchtáil.
 2. Ní mór don bhuaiteoir náisiúnta a (h)amhrán a chanadh beo ag an bhFéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach nó socrú a dhéanamh go gcanfar beo ansin é.
 3. Ní cheadófar ceol taifeadta ná a leithéid sa chomórtas poiblí.
1. Ní mór an t-amhrán a chur isteach ar líne, ar mp3 nó ar cd.
 2. Ní mór freisin na focail agus an ceol a chur ar fáil. Moltar na focail a bheith cló-scríofa ach is gá, ar a laghad, iad a bheith scríofa go néata, soiléir.
 3. Níl aon táille iontrála.
 4. Bain úsáid as an fhoirm iontrála (FPC1) agus seol chuig:
Comórtas Amhrán Pan Cheilteach, Glór Cheatharlach, Áras na nÓg, Éire Óg, Ceatharlach R93 Y020 nó chuig pancelticcarlow@gmail.com
5. **An spriocdháta d'iarratais ná 5.00i.n. Dé Máirt, 20ú Nollaig 2022.**
1. Íocfar duais airgid €1,000 le cumadóir an amhráin a roghnófar mar amhrán na hÉireann ar an gcoinníoll go gcuirfidh an buaiteoir an t-

amhrán i láthair ag an gComórtas Amhrán Idirnáisiúnta ar an Déardaoin, 13ú Aibreán 2023 ag an bhFéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach '23 a bheidh ar siúl i gCeatharlach.

2. Níl sárú ar bhreith na moltóirí agus Coiste Náisiúnta Pan Cheilteach.
3. Is é an buaiteoir náisiúnta atá freagrach as a c(h)ostais féin ag an bhFéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach '23.
4. Cuirfear painéal moltóirí ar fáil chun Amhrán na hÉireann a roghnú don Chomórtas Idirnáisiúnta Pan Cheilteach 2023.

NÓTAÍ BREISE: Déanfar gearrliosta as na hiarratais faighte faoi **20ú Nollaig 2022**. Canfar na hamhráin beo os comhair painéal moltóirí agus lucht éisteachta ag an gComórtas Amhrán Náisiúnta a reáchtálfar in Ionad VISUAL & Amharclann GB Shaw, Ceatharlach **Dé Sathairn, 28ú Eanáir 2023** ag 7.30i.n.

1. Ní chuirfear na hamhráin ar fáil roimh ré do mholtóirí an Chomórtais Náisiúnta. Cloisfidh siad iad don chéad uair ag an léiriú beo ar an oíche.
2. Beidh cleachtaidh agus trialacha fuaime ar siúl san iarnóin, 20ú Eanáir 2023.
3. Ní cheart an t-amhrán a bheith níos faide ná 4.5 nóiméad **ar a mhéad**.
4. Déanfaidh an stiúrthóir ceoil, Ollie Hennessy, comhairle a thairiscint do na hiomaitheoirí a roghnófar don chomórtas náisiúnta maidir le cóiriú cuí a chur ar na hamhráin.
5. Beidh ceoltóirí profisiúnta ar fáil i gCeatharlach le tionlacan breise a chur ar fáil do na hamhránaithe más gá.